# Riarthóir Airgeadais & Soláthair

**Conradh Buan**

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarratais do phost an Riarthóra Airgeadais & Soláthair.

Fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

Is é TG4, an tseirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Is corparáid phoiblí chraolacháin é TG4 a bhunaigh an Rialtas agus atá á mhaoiniú ag an Rialtas. Is é an tAire Cumarsáide a cheapann Bord TG4. Tá an cainéal ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain ar an Idirlíon. Is foilsitheoir/craoltóir é TG4 a fhaigheann formhór a chuid ábhair ón earnáil neamhspleách léiriúcháin, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá TG4 ag earcú Riarthóir Airgeadais & Soláthair a bheidh lonnaithe sa Cheannáras i nGaeltacht na Gaillimhe.

**Beidh an té a cheapfar freagrach as an obair seo a leanas maille le cúraimí eile:**

- Bainistiú a dhéanamh ar Sholáthar - ag obair le foireann bainistíochta TG4 le tairiscintí a chur amach ag eTenders/OJEU. Freagrach as na comórtais a phleanáil, a dhréachtú, a dhearadh agus a riar. Chomh maith leis sin ag cruthú agus ag ceadú Orduithe Ceannaigh agus ag bainistiú na nOrduithe Ceannaigh ó thaobh an pholasaí airgeadais i leith an líon meastachán.
- Cuidiú le rannóg airgeadais na gclár ó thaobh athbhreithniú buiséad agus iniúchadh ar chaiteachas clár.
- Iontrálacha a ullmhú sa leabhar cúnta agus iad a chur isteach
- Ráiteas imréitigh bainc a ullmhú nuair is gá.
- Cúnamh taca a chur ar fáil don Mheitheal Chreidmheasa & Bhailiúcháin
- Cuidiú le réamh-mheastacháin maidir le sreabhadh airgid
- Eolas faoi chostais a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus do ranna eile de réir mar is gá
- Tuairiscí reachtúla agus tuairiscí inmheánacha faoi chúrsaí airgeadais a chur ar fáil go tráthúil
- Cuidiú le hullmhú d'iniúchóireacht inmheánach/sheachtrach
- Obair ar thionscadail *ad hoc* de réir mar a éilítear
- A bheith mar bhall foirne éifeachtach a spreagfaidh fuinneamh agus feabhas leanúnach sa rannóg

**Nithe atá riachtanach don phost seo**

- Ba bhuntáiste é don té a cheapfar a bheith ina oifigeach soláthair nó ina theicneoir cuntasaíochta chomh maith le taithí roimhe seo ag obair i rannóg airgeadais.
- Buntáiste a bheadh ann tuiscint a bheith agat ar nósanna imeachta soláthair phoiblí
- A bheith ábalta oibriú faoi bhrú agus le dithneas i dtimpeallacht ghnóthach.
- Ábalta oibriú go muiníneach as do stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil.
- A bheith dírithe, ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus taithí chruthaithe i ról den chineál céanna.
- Taithí mhaith ar ríomhairí (sárthuiscint ar Excel, MS Office agus an cumas córais nua a fhoghlaim go tapa),
- A bheith pointeáilte i dtaobh mionsonraí agus a bheith loighciúil i do chuid smaointeoireachta

- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge líofa agat, idir scríobh agus ó bhéal.
- Tá Polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4

**Is é 4pm Dé hAoine an 13ú Deireadh Fómhair an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.**